


# Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

Earrach 2013



# Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

- *An Creat*

- An tAire Quinn a d'fhoilsigh, an 4ú Deireadh Fómhair, 2012
- Glacann sé le mórchuid de na hathruithe curaclaim a moladh in *I dTreo Chreat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (Samh. 2011)
- Féachtar le hathruithe níos radacacha a dhéanamh ar an tslí ina ndéantar measúnú ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim daltaí
- Vóta muiníne sna múinteoirí agus sna scoileanna atá ann. Cuirfear béim ar chur chuige níos leithne agus níos cothroime i leith na foghlama, ar úsáid níos fearr a bhaint as an measúnú agus ar neamhspleáchas níos mó a thabhairt do na scoileanna

Éilíonn leasú na Sraithe Sóisearaí go rachfar i ngleic leis an gCreat in éineacht leis an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta (2011) agus leis an bhFéinmheastóireachta Scoile (2012) mar pholasaithe atá comhcheangailte agus comhlántach



# Achoimre ar an léiriú

- Cad é cuspóir an chruinnithe seo?
- Athrú - cén fáth?
- Conas clár sraithe sóisearaí a phleanáil agus a cheapadh
- Cláir Scoile Sraithe Sóisearaí
- Measúnú, Tuairisciú agus Teistiú
- Dearbhú Cáilíochta
- Cén chabhair a bheidh ar fáil chun an Creat a chur i ngníomh?
- Deis chun do thuairimí a nochtadh

# Cruinniú eolais do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí: an cuspóir

- Nochtar tuairimí bainisteoirí mar gheall ar an tsraith shóisearach ag cruinnithe míosúla de Ghrúpa Comhairliúcháin na bPáirtithe Oideachais
  - Cuireadh in iúl an gá atá le heolas
- Cuirfidh an Roinn eolas ar fáil do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí
  - Beidh sraith chruinnithe eolais réigiúnacha ann sna míonna romhainn
  - Cuirfidh béim ar na dúshláin agus na deiseanna – go háirithe agus an clár á thabhairt isteach
- Ag admháil nach éasca athrú a dhéanamh - beidh gá le ceannaireacht dhearfach agus le féinmhuinín
- Ní cuid den chlár foirmiúil Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a bheidh anseo. Tabharfar an clár sin, ina scrúdófar ceisteanna a bhaineann go sonrach le scoileanna, isteach i bhfómhar 2013

# Cén fáth ar gá athrú?

- Nochtar i dtaighde a rinne an ESRI go bhfuil daltaí áirithe ann
  - nach ndéanann dul chun cinn sa chéad bhliain
  - a iompaíonn i gcoinne na foghlama sa dara bliain
  - nach bhfaigheann deis chun a scileanna agus a n-ábhair spéise féin a fhorbairt
- Bá é scrúdú deiridh an Teastais Shóisearaigh a rialaigh an fhoghlaim go dtí seo
  - ACH ní scrúdú ríthábhachtach é níos mó
- Gairm chun gnímh ab ea PISA 2009

# Athrú - cén fáth?

Ba cheart don chlár nua sraithe sóisearaí a bheith:

- Faoi cheannas múinteoirí agus dírithe ar an bhfoghlaim, faoi threoir príomhoidí agus leas-phríomhoidí, boird bhainistíochta agus na foirne, chun:
  - príomhchúram a dhéanamh de cháilíocht na foghlama agus an teagaisc, agus den mheasúnú cuí
  - bheith freagrach do riachtanais aitheanta na bhfoghlaim agus a dtorthaí foghlama
  - neamhspleáchas a thabhairt do mhúinteoirí

# Conas clár sraithe sóisearaí a phleanáil agus a cheapadh

Seo na rudaí a threoróidh clár sraithe sóisearaí:

- Na creatlaí
  - 8 bprionsabal
  - 24 ráiteas foghlama
  - 8 gcinn d'eochairscileanna
- Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta
- Treoirlínte Féinmheastóireachta na Scoileanna

# Prionsabail

- Cáilíocht
- Folláine
- Cruthaitheacht agus nuáil
- Rogha agus solúbthacht
- Caidreamh agus rannpháirtíocht
- Oideachas cuimsitheach
- Leanúnachas agus forbairt
- Ag foghlaim conas foghlaim



# Prionsabal na Folláine

- Cuidíonn eispéiris na scoláirí go díreach lena bhfolláine agus lena dteacht aniar fisiciúil, meabhrach agus sóisialta. Tarlaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht atá dírithe ar leas comhoibríoch na scoile, an phobail agus na sochaí.

# Ráitis Foghlama (RF)

- Tuairiscítear sna ráitis an méid a bheidh ar eolas ag scoláirí ag deireadh na sraithe sóisearaí, mar aon leis an méid a thuigfidh siad, a mbeidh meas acu air/uirthi agus an méid a bheidh siad in ann a dhéanamh
- Go traidisiúnta - sraith ábhar neamhspleácha agus a chuspóir féin ag gach ábhar díobh
- Anois, tá clár nua na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar Phrionsabail, na Ráitis Foghlama agus ar na hEochairscileanna - clár comhtháite foghlama a bheidh ann

# Ráitis Foghlama (ar leanúint)

- Conas is féidir na RF agus na hEochairscileanna a bhaint amach i sraith ábhar, gearrchúrsaí agus eispéireas foghlama eile ina ndíreofar ar fhoghlaimeoirí agus ar a gcuid riachtanais foghlama?
- D'fhéadfadh an clár nua seo a bheith ar fheabhas ACH ní bheidh sé éasca ar mhúinteoirí an t-athrú a dhéanamh ó bheith ag smaoineamh ar a n-ábhair féin amháin
- Beidh ar mhúinteoirí an neamhspleáchas nua agus an tsolúbhthacht seo a ghlacadh chucu féin agus, i dteannta lena gcomhghleacaithe, clár a chruthú inar féidir na RF agus na hEochairscileanna a mhúineadh trí chomhthéacsanna difriúla

# Ráiteas Foghlama

- Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú

Pléigh

# Ráiteas Foghlama

- Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú
- Mar shampla:
  - Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh -- taibhiú ealaíne
  - Na Clasaicí, Ealaín
  - Cumas díospóireachta
  - Meáin Dhigiteacha
  - Béarla, Gaeilge, na Nua-theangacha
  - Stair, OSSP, Cearta an Duine, Tíreolaíocht
  - Ceol, Matamaitic
  - Eolaíocht, Ealaín
  - Grafaic Theicniúil
  - Ábhair eile

# Eochairscileanna

- 8 n-eochairscil aitheanta
  - Litearthacht, Uimhearthacht, Mé Féin a Bhainistiú, Fanacht Folláin, Cumarsáid, A Bheith Cruthaitheach, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Obair le Daoine Eile
- Díriú ar scileanna a fhorbairt in ionad eolas/ábhar ar leith a mhúineadh
- Sa chur chuige oideolaíoch, beidh gá le gaol
  - idir mhúinteoirí agus foghlaimoirí
  - idir an fhoghlaim, an teagasc agus an measúnú

# Scil: Ag obair le daoine eile

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

# Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta (2011) agus Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí (2012)

- Aithníodh sa Straitéis go raibh sé riachtanach an tsraith shóisearach a athchóiriú
- Dóthain ama a chur ar fáil do scileanna litearthachta agus uimhearthachta
- I gcás na sonraíochtaí nua teanga, ba cheart
  - ceangal a bheith ann le torthaí foghlama sa bhunscoil
  - díriú ar scileanna litearthachta i dtéacsanna difriúla, agus meáin dhigiteacha ar áireamh iontu
  - an tslí ina ndéanfar measúnú ar scileanna litearthachta a phlé
- Leanúint ar aghaidh ag cur cineálacha nua cur chuige i bhfeidhm i dTionscadal Mata
- Scrúduithe caighdeánaithe sa 2ú bliain
  - Forchéimniú nádúrtha ón méid a tharlaíonn sa bhunscoil
  - Uirlis chun cuidiú le dearbhú cáilíochta



# An Creat FS –uirlis chun athraithe Teagasc agus Foghlaim sa tSraith Shóisearach

## TEAGASC agus FOGHLAIM

Téamaí

**Torthaí  
foghlaim**

**Eispéiris  
foghlama**

**Cleachtas  
múinteoirí**

Fo-théamaí

- Cuspóirí ábhair agus cláir a bhaint amach

- Timpeallacht foghlama
- Rannpháirtíocht san fhoghlaim
- Foghlaim conas foghlaim

- Ullmhúchán don teagasc
- Cuir chuige teagasc
- Bainistíocht scoláirí
- Measúnú

# Féinmheastóireacht Scoile (FS)

- Luadh an FS den chéad uair sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta
- Beidh an FS ina thaca riachtanach chun an Creat a chur i bhfeidhm
- Aithneoidh scoileanna an dea-chleachtas reatha agus na réimsí inar gá feabhsuithe agus athruithe a dhéanamh
- Díríonn treoirlínte FS ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a fheabhsú – sa litearthacht agus san uimhearthacht, i dtús báire
- Agus sonraíochtaí nua á gcur i bhfeidhm, spreagfar múinteoirí chun machnamh ar chleachtas reatha agus ar thorthaí foghlaimeora
- Fianaise ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí – ó mheasúnachtaí éagsúla, lena n-áirítear scrúduithe caighdeánaithe
- Is féinmheastóireacht iarbhír í sin
- Beidh an Plean Feabhsúcháin Scoile ina chomhlánú ar an bplean litearthachta agus uimhearthachta agus ar an bplean faoina gcuirfear na hathruithe ar an tsraith shóisearach i bhfeidhm

# Clár Scoile Sraithe Sóisearaí

Ag smaoineamh ar na Prionsabail, na Ráitis Foghlama agus na hEochairscileanna, conas a chuirfidh an scoil iad sin ar fad san áireamh agus clár á cheapadh?

- Bíodh neamhspleáchas agus solúbthacht ag príomhoidí agus ag múinteoirí
  - Tabhair deis do mhúinteoirí na scoláirí a spreagadh leis an spéis atá acu ina n-ábhar féin, agus ábhar a chruthú trí shuímh foghlama de chineálacha éagsúla
- Féach le leas a bhaint as an athrú cultúrtha
- Beidh cineálacha cur chuige nua ag teastáil i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- Cuir deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí chun bheith páirteach ní amháin i gceapadh an chlár ach, freisin, san fhoghlaim a dhéanfar dá réir
- Cuimhnigh i gcónaí ar an Straitéis Litearthachta agus

# Clár Scoile Sraithe Sóisearaí

Beidh deis ag scoileanna rogha a dhéanamh as:

- 21 ábhar
  - Riachtanais agus ábhar spéise na scoláirí
  - Cáilíochtaí agus ábhar spéise na múinteoirí
  - Áiseanna
  - An t-am atá ar fáil
  - Teistiúchán / gan teistiúchán
- Raon gearrchúrsaí atá forbartha ag an gCNCM, scoileanna nó foinsí eile –cuid acu a dhéanfar teistiúchán orthu agus cuid acu nach ndéanfar
- Eispéiris foghlama eile –treoir, cúram tréadach, ábhair, gearrchúrsaí, ceoldrámaí, díospóireachtaí, spóirt srl. – nach ndéanfar teistiúchán orthu
- Aonaid Tosaíochta Fhoghlama (ATFanna) –le haghaidh grúpa scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – a dhéanfar teistiúchán orthu

# Teimpléad le haghaidh Ábhar agus Gearrchúrsaí

Seo na ranna éagsúla sa teimpléad

- Teideal
- Réamhrá don tsraith shóisearach
- Aidhm
- Bunús
- Naisc (le ráitis foghlama, le litearthacht agus uimhearthacht, agus leis na heochairscileanna)
- Forbhreathnú ar an gcúrsa
- Ionchais d'fhoghlaimeoirí
- Measúnú
- Pleanáil agus teagasc

# Ábhair

Leagan amach nua:

- **Sonraíochtaí (Siollabais) (Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)**
  - Bunófar iad ar na torthaí a mbeifear ag súil leo
  - Beidh eiseamláirí iontu d'obair na scoláirí chun na caighdeáin a mbeifear ag súil leo a léiriú
- **Béarla, Gaeilge, Matamaitic –déanfar teistiúchán orthu**
  - gach scoláire
  - Íosmhéid de 240 uair an chloig de chaidreamh thar na trí bliana
- **Ábhair eile**
  - 200 uair an chloig de chaidreamh thar na trí bliana

# Gearrchúrsaí

- Tá raon gearrchúrsaí á gceapadh ag an CNCM ar Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
  - m.sh. OSPS, OSSP, Corpoideachas, Meáin Dhigiteacha, Sínis, Ríomhchlár/ríomhchódú, Taibhiú ealaíne
- Beidh saoirse ag scoileanna, i gcomhar le scoileanna eile más maith leo, gearrchúrsaí dá gcuid féin a cheapadh de réir shonraíochtaí an CNCM
- Thart ar 100 uair an chloig de chaidreamh scoláire
- Is ionann dhá ghearrchúrsa agus ábhar amháin
  - Ceithre ghearrchúrsa ar a mhéad is féidir a theistiú

# Aonaid tosaíochta fhoghlama(ATFanna)

Aonaid tosaíochta fhoghlama (ATFanna) (ar Leibhéal 2 den CNC)

- Díreoidh an clár seo ar riachtanais fhoghlama agus chreidiúnaithe de ghrúpa beag scoláirí le míchumais fhoghlama orthu
- ATFanna - Scileanna sóisialta, réamhghairme agus saoil na scoláirí
  - Cumarsáid agus litearthacht
  - Uimhearthacht
  - Cúram pearsanta
  - Ag cónaí i bpobal
  - Ag ullmhú don obair

Beidh gearrchúrsaí eile ar fáil ar Leibhéal 2



# Eispéiris Foghlama Eile

- Cuid thábhachtach d'fhorbairt daltaí agus príomhchuspóir leis an athchóiriú ar an tsraith shóisearach
- Seo na hábhair eile a dtugann scoileanna tús áite dóibh:
  - Treoir
  - Gnéithe den chúram tréadach
  - Gnéithe den oideachas reiligiúnda
  - Eispéiris foghlama eile – óráidíocht, Comhairle na nDaltaí, gradam Gaisce, an Bratach Ghlas, Eolaí Óg, srl.
- Den chéad uair, tabharfar aitheantas foirmiúil do na heispéiris foghlama seo agus déanfar iad a thaifead i gcóras tuairiscithe na scoile

# Mar sin cad iad na hábhair a bhfaighidh an gnáthscoláire teastas iontu?

- Ocht n-ábhar ar a laghad, deich n-ábhar ar a mhéad
- Is féidir le dhá ghearrchúrsa áit ábhar amháin a ghabháil. Ceithre ghearrchúrsa ar a mhéad a cheadófar
- Beidh rogha ábhar le haghaidh teistiúcháin ar fáil i ngach scoil (ag féachaint ar aghaidh chuig na roghanna a bheidh ar fáil sa scoil ag an tsraith shinsearach) ag brath
  - ar riachtanais aitheanta na scoláirí
  - ar na hacmhainní atá ar fáil

# Athrú ar mheasúnú - cén fáth?

- Ní bheidh an tábhacht chéanna leis an tsraith shóisearach níos mó ós rud é go dtéann 90% de dhaltaí ar aghaidh go dtí an Ardteistiméireacht
- An cineál measúnaithe is fearr ná measúnú chun foghlama le linn gach ceann de na trí bliana
- Le tacaíocht ó na múinteoirí, cuirfear ar chumas na scoláirí
  - na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a phlé agus a bheith cinnte fúthu
  - aitheantas a fháil don méid atá bainte amach acu
  - aon údar imní a phlé mar ghnáthchuid den fhoghlaim
  - constaicí a shárú agus gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh
- Is féidir le múinteoirí scoláirí a spreagadh chun bheith ag súil le hionchais arda, atá ar a gcumas a bhaint amach
- Chun measúnú a dhéanamh ar raon scileanna, is gá cineálacha éagsúla cur chuige a úsáid

# Athrú ar mheasúnú - cén fáth?

- Vóta muiníne i ngairmiúlacht múinteoirí
- An chuid is tairbhí den athrú ar an tsraith shóisearach, b'fhéidir
- Measúnú ar mhaithe le feabhsú na foghlama, agus ní ar mhaithe lena tuairisciú amháin
- Ag dul ó chóras a bhí dírithe ar scrúdú deiridh go córas a bheidh dírithe ar an bhfoghlaim
- Cuirfear deireadh le scrúdú an Teastais Shóisearaigh de réir a chéile agus gabhfaidh measúnú scoile a áit in imeacht thréimhse ocht mbliana

# Measúnú le haghaidh Teastas Scoile ag deireadh na sraithe sóisearaí

- **Ábhair**

- Comhpháirt na hoibre scoile i ngach ábhar le déanamh i mBliain 2 agus i mBliain 3. (De ghnáth, dáilfear 40% de na marcanna ar fad do na comhpháirteanna seo, ag brath ar an ábhar)
- Déanfar measúnú ar an gcomhpháirt dheiridh i ngach ábhar ag deireadh Bhliain 3 (60% de na marcanna)
- An chomhpháirt dheiridh measúnaithe
  - Scrúdú a mhairfidh dhá uair an chloig ar a mhéad
  - Dhá leibhéal i gcás an Bhéarla, na Gaeilge agus na Matamaitice
  - Leibhéal comónta i ngach ábhar eile

# Measúnú ag deireadh na sraithe sóisearaí

- **Ábhair**

- measúnaithe deiridh sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic (san idirthréimhse) – CSS a leagfaidh amach na páipéir scrúdaithe agus a dhéanfaidh iad a mharcáil
- Cuirfear na marcanna ar fáil don scoil lena suimiú leis an gcomhpháirt scoile
- I ngach ábhar eile, san idirthréimhse, CSS a cheapfaidh an chomhpháirt mheasúnaithe dheiridh, agus múinteoirí a mharcálfaidh iad le scéim mharcála a chuirfidh CSS ar fáil
- Uirlisí úsáide measúnachta agus modhnóireachta an CNCM


- **Gearrchúrsaí agus ATFanna**

- Measúnú scoile

# Gráid sa teistiúchán nua scoile

- Gráid bunaithe ar scála cúig phointe
  - Neamh-bhainte 0% - 39%
  - Bainte 40% - 54%
  - Bainte le Fiúntas 55% - 74%
  - Bainte le hArd-Fhiúntas 75% - 89%
  - Bainte le Gradam 90% - 100%

**FIGIÚR 2: MEASÚNÚ AR SCOLÁIRÍ SA TSRAITH SHÓISEARACH**





# Tabhairt isteach na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí – tráthchlár don ROS agus don CNCM

- M.F. 2014, an chéad teastas in 2017
  - Béarla
  - Beidh gearrchúrsaí an CNCM agus gearrchúrsaí eile ar fáil
- M.F. 2015, an chéad teastas in 2018
  - Gaeilge; Eolaíocht; Staidéar Gnó
- M.F. 2016, an chéad teastas in 2019
  - Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; Nua-theangacha; Eacnamaíocht Bhaile; Ceol; Tíreolaíocht
- M.F. 2017, an chéad teastas in 2020
  - Matamaitic; Ábhair theicneolaíochta; Oideachas Reiligiúnda; Staidéar Giúdach; Na Clasaicí; Stair

# Tuairisciú

Moltar tuairisciú a dhéanamh ó thús deireadh na sraithe sóisearaí, ar mhaithe le hathrú a dhéanamh ar an tslí ina bhfoghlaímítear, ar an tslí ina múintear agus ar an tslí ina ndéantar foghlaimeoirí a mheasúnú

San fhómhar ag deireadh na 3ú bliana, cuirfear tuairisc ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí araon -

- Próifíl ghnóthachtála
  - Achoimre ar eispéiris agus ar ghnóthachtáil foghlama
- Teastas scoile – á n-eisiúint ag scoileanna ó M.F. 2017 ar aghaidh
  - Gráid – torthaí ó obair scoile agus ón measúnú deiridh (cuid acu ó CSS, cuid eile ón scoil san idirthréimhse) bronnfar an teastas ar scoláirí maidir le 8-10 n-ábhar nó a gcomhionann

### FIGIÚR 3: FRÁMA AMA CHUN AN CÓRAS TUAIRISCITHE NUA A THABHAIRT ISTEACH

2012/13  
go  
2015/16

Teastas  
Sóisearach mar is  
gnách

2014/15

Creatlach nua don  
tsraith shóisearach  
tugtha isteach do  
scoláirí na chéad  
bhliana

2016/17 ar aghaidh

Teastas Scoile  
eisiithe ag an scoil  
d'ábhair agus do  
ghearrchúrsaí  
(lena n-áirítear  
torthaí ó CSS) mar  
chuid den Chóras  
Tuairiscithe Scoile

# Dearbhú cáilíochta mar thaca leis an tsraith shóisearach nua

Cuirfear ar fáil é ar shlite éagsúla:

- Sonraí ábhar ina mbeidh torthaí soiléire agus eiseamláirí d'obair scoláirí chun na caighdeáin a mbeifear ag súil leo a léiriú
- Scrúduithe caighdeánaithe – eolas i dtaobh foghlaim scoláirí na dara bliana i gcomparáid le scoláirí eile dá n-aois ar fud na tíre
- Sa chóras nua tuairiscithe, áireofar fianaise ar fhoghlaim in ábhair, i ngearrchúrsaí agus in eispéiris eile foghlama
- Ní bheidh sé ina scrúdú ríthábhachtach níos mó
- An rud is tábhachtaí ó thaobh dearbhú cáilíochta de ná caighdeán na foghlama. Beidh deiseanna ag múinteoirí ina scoileanna féin agus i líonraí chun dul i gcomhar le chéile agus a gcuid smaointe a roinnt

# Measúnú ag deireadh na sraithe sóisearaí

- Soláthróidh CSS páipéir scrúdaithe agus scéimeanna marcála le haghaidh ábhar ar leith
- Déanfaidh CSS na scrúduithe Gaeilge, Béarla agus Matamaitice a leagan amach agus a cheartú san idirthréimhse
- Beidh modhnóireacht inmheánach ar siúl sna scoileanna de réir teorach – deimhneoidh an príomhoide é sin go foirmiúil
- Cuirfear torthaí na scoláirí ar aghaidh go dtí an ROS – déanfar monatóireacht ar phátrúin náisiúnta
- Tabharfaidh an ROS Prófíl Sonraí do gach scoil ag éirí as a hanailís staitistice – cuirfear scoileanna ar an eolas faoi phátrúin ina sonraí i gcomparáid le treochtaí náisiúnta

# Dearbhú cáilíochta ag deireadh na sraithe sóisearaí (ar leanúint)

- I gcás pátrún neamhghnách gnóthachtála
  - Cuirfear é in iúl don scoil
  - Cuirfear comhairle agus tacaíocht ar fáil don scoil i dtaca le measúnú /modhnóireacht agus conas cruinnithe modhnóireachta a eagrú
  - D'fhéadfaí tacaíocht sheachtrach a chur ar fáil do scoileanna le linn an phróisis mhodhnóireachta
  - D'fhéadfadh an Chigireacht meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe sa scoil
- Tagarmharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta
  - Déanfar measúnú náisiúnta ó am go chéile ar ghnóthachtáil sa Mhatamaitic agus sa Bhéarla ar aon dul leis na moltaí sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*
  - Rannpháirtíocht leanúnach sa chlár measúnaithe idirnáisiúnta PISA

# Cén tacaíocht a chuirfear ar fáil do scoileanna?

- Ón CNCM ar [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)
  - Sonraíochtaí agus eiseamláirí le haghaidh ábhar agus gearrchúrsaí (bhí 48 scoil páirteach sa líonra seo)
  - Uirlisí úsáide measúnachta agus modhnóireachta
- CSS –acmhainní measúnachta ar [www.sec.ie](http://www.sec.ie)
- Scoileanna agus eagraíochtaí eile
  - Gearrchúrsaí, comhroinnt eolais
- Forbairt ghairmiúil leanúnach
- Na comhpháirtithe oideachais –Grúpa Comhairliúcháin
  - Deis chun staid na gclár sna scoileanna a chur in iúl don ROS
  - Beidh ról criticiúil ag tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm chlár na sraithe sóisearaí

# Forbairt ghairmiúil leanúnach

- Foireann nua Sraithe Sóisearaí, faoi cheannas an Dr. Padraig Kirk
- Rachaidh an fhoireann sin i mbun oibre i Meán Fómhair 2013.
- Príomhoidí agus Leas-phríomhoidí
  - ceannaireacht ar chúrsaí curaclaim agus measúnaithe
- Múinteoirí, Gairmchomhairleoirí
  - Forbairt ghairmiúil leanúnach ina bpléifear conas clár scoile a cheapadh, cúrsaí tráthchláir, teagaisc agus foghlama, modheolaíochtaí measúnaithe srl.



# Céard atá ag tarlú i láthair na huaire?

- Seo na rudaí ar cheart béim a leagan orthu – is athrú radacach é seo a dhéanfaidh difear don tsochaí agus don gheilleagar
- Cruinnithe eolais – foramharc + deis chun do thuairimí a chloisteáil
- Cóipeanna den Chreat, de litreacha chuig príomhoidí agus múinteoirí + de bhileoga ceisteanna agus freagraí do na scoileanna
- Ba cheart d'fhoirne scoile machnamh a dhéanamh ar na hathruithe – mar ullmhúchán chun an Creat, an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta agus Féinmheastóireacht Scoile a chur i bhfeidhm
- Dea-scéal é seo. Beidh ceannaireacht ag teastáil chun na hathruithe a threorú agus chun ár múinteoirí a spreagadh chun dul i muinín a dtaithe agus a n-oiliúint mar ghairmithe, chun leasa a gcuid foghlaimeoirí

# An tsraith shóisearach nua...

“seo na rudaí a chuirfidh sé ar fáil

- creat ina mbeidh ar chumas daoine óga iad féin a chur in iúl ar gach slí is féidir leo...
- deis chun fáis agus foráis agus deis chun oideachas níos leithne a fháil
- eolas cruinn ar dhul chun cinn agus ar conas cabhrú le scoláirí aonair torthaí níos fearr a bhaint amach

seo an chabhair a bheidh ann do scoláirí aonair

- beidh gach scoláire in ann an gealladh atá fúithi/faoi a chomhlíonadh agus dul chomh fada agus is féidir leo san fhoghlaim, rud a ardóidh caighdeán an oideachais go ginearálta
- Faillí a bheadh ann aon rud níos lú ná seo a thairiscint dár bpáistí.”

*Ruairí Quinn, TD, Aire Oideachais agus Scileanna*



- Cad is dóigh leatsa?
- [juniorycleframework@education.gov.ie](mailto:juniorycleframework@education.gov.ie)

# Sampla de Chlár

## Scoláire 2: 8 n-ábhar + 4 ghearrchúrsa

**Ábhair:** Béarla, Gaeilge, Mata agus Eolaíocht

### Roghanna:

- Stair nó Fraincis nó Staidéar Gnó
- Ceol nó Ealaín nó Grafaic Theicniúil
- Teicneolaíocht Adhmaid nó Eacnamaíocht Bhaile nó Tíreolaíocht
- Fraincis nó Tíreolaíocht nó Ealaín

### Gearrchúrsaí:

- Fraincis bhunúsach nó Staidéar Áitiúil nó Ríomhchlárú/Ríomhchódú
- Corpoideachas nó Taibhiú Ealaíonta nó OSSP
- Oideachas Reiligiúnda
- OSSP

### Réimsí foghlama eile:

- OSPA, díospóireachtaí agus Treoir